# An Píobaire is Fearr in Éirinn

Séideán Sí




Áine Ní Shioradáin a chóirigh

Dómhnal Ó Bric a mhaisigh

# An Píobaire is Fearr in Éirinn



Áine Ní Shioradáin a chóirigh
Dómhnal Ó Bric a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2007

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2007

Athchló 2020

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Dómhnal Ó Bric a mhaisigh


??? a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

Clár


| | |
|---|---|
| Caibidil 1 | 5 |
| Caibidil 2 | 12 |
| Caibidil 3 | 18 |
| Caibidil 4 | 34 |
| Caibidil 5 | 39 |

## Caibidil 1



Bhí fear ann fadó a raibh Páidín Mháire air. Thaitníodh le Páidín a bheith ag éisteacht le ceol agus go deimhin bhíodh sé ag casadh na píbe é féin. Ach, mo léan! Ní raibh ag Páidín ach an t-aon phort amháin – 'An Rógaire Dubh'.



Oíche amháin agus Páidín Mháire ag teacht abhaile deireanach bhuail fonn ceoil é. Shuigh sé ar chlaí beag íseal agus thosaigh sé ag casadh 'An Rógaire Dubh'.

Tar éis scaithimh d'éirigh Páidín tuirseach den cheol agus thug sé faoin mbaile arís. Ach nuair a tháinig sé chomh fada leis an droichead beag bhraith sé go raibh duine éicint ag siúl taobh thiar de.



D’iompaigh sé timpeall agus cé a d’fheicfeadh sé ach Púca na Samhna.



Rug an Púca ar Pháidín agus chaith sé suas ar a dhroim é.



Bhí faitíos a chroí ar Pháidín go dtitfeadh sé. Rug sé ar adharc an Phúca agus choinnigh sé greim daingean uirthi.





‘Lig anuas mé,’ arsa Páidín leis an bPúca. ‘Caithfidh mé a ghabháil abhaile. Tá mo mháthair ag fanacht leis an airgead seo atá i mo phóca agam di.’

‘Ná bac do mháthair,’ arsa an Púca, ‘ach coinnigh do ghreim.’

## Caibidil 2



‘Anois,’ arsa an Púca le Páidín tar éis scaithimh, ‘casfaidh tú port dom – “An tSeanbhean Bhocht”.’

‘Níl an ceann sin agam,’ arsa Páidín. ‘Níl agam ach “An Rógaire Dubh”.’

‘Is cuma liom an bhfuil sé agat nó nach bhfuil,’ arsa an Púca. ‘Cas é!’



Thosaigh Páidín ag casadh. Chuir an ceol breá a tháinig as an bpíb iontas ar Pháidín féin.

'Is tú an píobaire is fearr in Éirinn,' arsa Púca na Samhna leis.

Tar éis scaithimh stop Páidín ag casadh gur cheistigh sé an Púca. 'Inis seo dom,' ar seisean. 'Cá bhfuil muid ag gabháil?'





‘Tá féasta ag na cailleacha ar bharr Chruach Phádraig anocht. Tá mé do do thabhairt ann le go gcasfaidh tú ceol ag an bhféasta. Agus geallaimse duit gur breá an luach saothair a bheas agat dá bharr.’

‘Más in é an scéal é,’ arsa Páidín, ‘tá tú ag spáráil turais dom. D’iarr an sagart orm turas a dhéanamh go Cruach Phádraig mar gheall ar ghandal bán a ghoid mé uaidh an Nollaig seo caite.’





‘Is maith sin,’ arsa an Púca.

‘Féadfaidh tú an dá thrá

a fhreastal.’

## Caibidil 3



Ar deireadh thiar thall shroicheadar barr Chruach Phádraig. Bhuail an Púca trí chic ar an talamh lena chos.

Osclaíodh doras agus isteach leo beirt i seomra breá.







I lár an urláir bhí bord órga agus
na céadta cailleach ina suí thart air.



'Céad míle fáilte romhat, a Phúca na Samhna,' arsa cailleach amháin. 'Agus cé hé seo a thug tú leat?'

'Seo é Páidín Mháire, an píobaire is fearr in Éirinn,' arsa an Púca.



Bhuail an tseanchailleach buille ar an urlár agus leis sin nár oscail doras beag ar thaobh an bhalla!



Cé a thiocfadh amach as ach an gandal bán a bhí goidte ag Páidín ón sagart an Nollaig roimhe sin.



‘Céard é seo? An bhfuil mé ag brionglóideach?’ arsa Páidín. ‘Nár ith mé féin is mo mháthair an gandal sin Lá Nollag?’

‘Cas cúpla port do na mná seo,’ arsa an Púca le Páidín ansin. Chas Páidín port agus thosaigh na cailleacha ag damhsa.





Dhamhsaigh siad agus dhamhsaigh siad go rabhadar maraithe leis an tuirse.



'Íocaigí an píobaire anois,' arsa an Púca agus shín na cailleacha píosa óir an duine chuig Páidín.




Bhí dhá chroí ag Páidín.

'Tá mé saibhir!' ar seisean agus ríméad air.

‘Fág seo,’ arsa an Púca nuair a bhí chuile phíosa óir ina phóca ag Páidín. ‘Tabharfaidh mé abhaile thú.’





Agus iad ag réiteach le himeacht cé a thiocfadh anall chucu ach an gandal. Shín an gandal píb nua chuig Páidín. Bhí dhá chroí ag Páidín.



Ansin chaith an Púca Páidín Mháire suas ar a dhroim arís agus thugadar aghaidh ar an mbaile. Nuair a bhí siad ag an droichead beag cóngarach do bhaile Pháidín chaith an Púca an píobaire anuas ar an talamh.



‘Tá dhá rud agat anois,’ arsa an Púca leis. ‘Dhá rud nach raibh agat cheana.’

‘Agus céard iad sin?’ arsa Páidín.

‘Ciall agus ceol,’ arsa an Púca.

# Caibidil 4



Isteach le Páidín chuig a mháthair.
'Nach deireanach atá tú ag teacht abhaile,' ar sise. 'Céard a tharla duit?'
'Tá mé saibhir agus is mé
an píobaire is fearr in Éirinn,'
a dúirt sé léi.

Níor chreid a mháthair focal uaidh.
'Fan go gcloise tú,' arsa an píobaire
agus d'fháisc sé ar an bpíb nua
a thug an gandal dó.





Ach, mo léan! Bhí an ceol a tháinig as an bpíb chomh dona sin is go gceapfá go raibh chuile ghé agus chuile ghandal in Éirinn ag scréachaíl le chéile.



Dhúisigh sé na comharsain uileag agus bhuaileadar isteach. Bhíodar ag magadh faoi Pháidín agus faoina chuid ceoil.



Ach ansin leag Páidín uaidh an phíb nua agus thóg sé amach a sheanphíb. Chas sé ceol binn dóibh leis an tseanphíb agus d'inis sé an scéal dóibh ó thús deireadh.

## Caibidil 5




Ach nuair a chuaigh máthair Pháidín ag tóraíocht na bpíosaí óir ar maidin ní raibh dé orthu. Duilleoga a bhí fágtha san áit a rabhadar ann an oíche roimhe sin.



Chuaigh Páidín chuig an sagart leis an scéal a inseacht dó.

Níor chreid an sagart focal uaidh gur chas an píobaire an phíb nua leis an gceol uafásach.



‘Bailigh leat, a ghadaí chríochnaithe,’ arsa an sagart. ‘Tá an ceol sin chomh dona is go gceapfá go raibh chuile ghé agus chuile ghandal in Éirinn ag scréachaíl le chéile.’

Ach níor imigh Páidín nó gur chas sé an tseanphíb le taispeáint don sagart go raibh a scéal fíor.





Nuair a bhí an sagart sásta leis mar scéal d'imigh Páidín leis abhaile.



Choinnigh Páidín Mháire air ag casadh ceol binn ar an bpíb agus as sin go lá a bháis ní raibh píobaire ní b'fhearr ná é le fáil thoir ná thiar.



*Oíche amháin agus Páidín Mháire ag teacht abhaile deireanach bhuail fonn ceoil é ...*

An Gúm